



13.6.2023

TUARASCÁIL

ar mholtaí maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar rialacha Parlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht, sláine, cuntasacht agus frith-éilliú (2023/2034(INI))

An Coiste Speisialta um an trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus um neartú an ionracais, na trédhearcachta agus na cuntasachta i bParlaimint na hEorpa

Comhrapóirtéirí: Vladimír Bilčík agus Nathalie Loiseau

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....	26
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	27
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE.....	28

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar mholtaí maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar rialacha Parlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht, ionracas, cuntasacht agus frith-éilliú (2023/2034(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2016 maidir le riarachán an Aontais Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách¹ agus do rún uaithi an 15 Eanáir 2013 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le Dlí Nós Imeachta Riaracháin an Aontais Eorpaigh²,
- ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2017 maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus ionracas in institiúidí AE³,
- ag féachaint do rún uaithi an 9 Márta 2022 maidir le trasnaíocht eachtrach ar gach próiseas daonlathach san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis⁴,
- ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir le hamhras faoi éilliú ó Chatar agus an gá níos leithne atá le trédhearcacht agus cuntasacht sna hinstitiúidí Eorpacha⁵,
- ag féachaint do na bearta chun ionracas, neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú a ghlac Comhdháil na nUachtarán an 8 Feabhra 2023,
- ag féachaint do chinneadh uaithi an 14 Feabhra 2023 lena leasaítear cinneadh an 10 Márta 2022 maidir le coiste speisialta a chur ar bun maidir le cur isteach eachtrach ar gach próiseas daonlathach san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis (INGE 2), agus a theideal agus a fhreagrachtaí a choigeartú⁶,
- ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2023 maidir le comhlacht eitice neamhspleách AE a bhunú⁷,
- ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2023 maidir le hobair leantach a dhéanamh ar bhearta arna n-iarraidh ag an bParlaimint chun sláine na n-institiúidí Eorpacha a neartú⁸,
- ag féachaint do Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh

¹ IO C 86, 6.3.2018, lch. 126.

² IO C 440, 30.12.2015, lch. 17.

³ IO C 337, 20.9.2018, lch. 120.

⁴ IO C 347, 9.9.2022, lch. 61.

⁵ IO C 177, 17.5.2023, lch. 109.

⁶ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0030.

⁷ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0055.

⁸ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0054.

Adamhach⁹,

- ag féachaint don Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Parlaimint na hEorpa (2005/684/CE, Euratom)¹⁰,
 - ag féachaint do Rial 54 agus Rial 207 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste Speisialta um an trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis, agus do neartú an ionracais, na trédhearcachta agus na cuntasachta i bParlaimint na hEorpa (ING2) (A9-0215/2023),
- A. de bhrí gur nocht imscrúduithe leanúnacha faoi stiúir údaráis na Beilge amhras faoi chóras éillithe, sciúrtha airgid agus rannpháirtíochta in eagraíocht choiriúil a bhfuil baint aige, go dtí seo, le triúr Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) agus iar-Fheisire amháin mar aon le cúntóir parlaiminteach creidiúnaithe amháin (APA); de bhrí go mbaineann na hamhras sin le tionchar ó Chatar agus ó Mharacó; de bhrí go bhfuil líomhaintí ann go bhféadfadh stáit eile, amhail an Mháratáin, a bheith rannpháirteach freisin;
- B. de bhrí gurb é muinín na saoránach as ionracas agus neamhspleáchas na n-institiúidí Eorpacha bunús an chórais pholaitiúil Eorpaigh, atá an-leochaileach sa tréimhse roimh thoghcháin; de bhrí, má bhaineann gníomhaithe eachtracha an bonn ó mhuinín na saoránach in institiúidí AE, gur féidir leis difear a dhéanamh d’fheidhmiú daonlathach AE; de bhrí go bhfuil iarmhairtí suntasacha airgeadais ag an éilliú agus gur bagairt thromchúiseach é don daonlathas, don smacht reachta agus don infheistíocht phoiblí;
- C. de bhrí gur feiniméan forleathan iad iarrachtaí trasnaíochta nach mór dul i ngleic leo chomh láidir agus is féidir; de bhrí nach mór d’institiúidí AE a ndícheall a dhéanamh trédhearcacht, cuntasacht agus sláine a bhaint amach chun athléimneacht dhaonlathas AE a threisiú;
- D. de bhrí go gcumhdaítear leis an gceart chun dea-riaracháin an ceart atá ag gach duine a ngnóthaí a láimhseáil go neamhchlaonta, go cothrom agus laistigh de thréimhse réasúnta ama ag institiúidí AE; de bhrí nach mór tacaíocht a bheith ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais ó riarachán Eorpach atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách agus iad i mbun a gcuid oibre;
- E. de bhrí nach mór do na Feisirí gníomhú ar mhaithe le leas an phobail amháin agus a gcuid oibre a dhéanamh le hionracas, oscailteacht, dúthracht, macántacht, cuntasacht agus meas ar chlu na Parlaiminte, agus gan aon tionchar míchuí ó ionadaithe leasa; de bhrí nach mór do na Feisirí a bheith neamhspleách agus a gcearta vótála a fheidhmiú gan bhac;
- F. de bhrí gur fhreagair Parlaimint na hEorpa go tapa d’amhras éillithe a raibh roinnt Feisirí Eorpacha agus comhaltaí foirne páirteach ann, lena n-áirítear trí chomhoibriú go hiomlán le húdaráis na Beilge; de bhrí gur léirigh méid an scannail go leor bealaí

⁹ IO P 45, 14.6.1962, lch. 1385.

¹⁰ IO L 262, 7.10.2005, lch. 1.

éalaithe i rialacha sláine agus trédhearcachta na Parlaiminte agus i bhforfheidhmiú na rialacha sin; de bhrí go bhfuil gá le huailmhian mhór chun athchóirithe suntasacha ar nósanna imeachta inmheánacha agus ar mhodhanna oibre na Parlaiminte a thabhairt isteach go pras agus chun brú a chur ar institiúidí AE creat rialála i bhfad níos déine a chur chun feidhme;

- G. de bhrí go ndéanann Coiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí atá comhdhéanta de chúig Fheisire faireachán ar an gCód Iompair d'Fheisirí maidir le leasanna airgeadais agus coinbhleachtaí leasa; de bhrí gur léiríodh nach leor modhanna oibre agus sainordú an Choiste Chomhairligh; de bhrí nár forchuireadh aon phionós airgeadais riamh as sárú ar an gCód Iompair d'Fheisirí, d'ainneoin go ndearnadh 26 shárú ar a laghad a dhoiciméadú i dtuarascálacha bliantúla an Choiste Chomhairligh maidir le hIompar na bhFeisirí;
- H. de bhrí go dtéann an t-amhras faoi éilliú a bhaineann le Catar agus Maracó thar an bParlaimint agus go bhfuil institiúidí eile AE páirteach ann freisin, chomh maith le polaiteoirí náisiúnta agus guthanna tionchair i roinnt Ballstát, amhail taighdeoirí;
- I. de bhrí go bhfuil infheistíocht mhór déanta ag tíortha amhail Catar, Maracó, an tSín, an Rúis, Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha (UAE), an tSeirbia agus an Tuirc in iarrachtaí brústocaireachta sa Bhruiséil; de bhrí gur iarr eagraíochtaí antoiseacha áirithe ó Chatar agus ón Tuirc cistí Eorpacha;
- J. de bhrí go bhfuil amhras ann go bhfuil UAE ag iarraidh tionchar a imirt ar chinnteoirí Eorpacha; de bhrí gur tugadh airgead de thionscnamh UAE ar iasacht do pháirtí polaitiúil náisiúnta uair amháin ar a laghad;
- K. de bhrí gur lorg roinnt stát eachtrach bealaí neamhghnácha chun cur isteach ar ghnóthaí AE trí úsáid a bhaint as na modhanna is nuaí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr forbairtí teicneolaíochta comhaimseartha, chomh maith le dul i muinín comhéigin eacnamaíoch agus fuinnimh agus maoiniú neamhdhleathach;
- L. de bhrí go n-éascaítear gabháil scothaicme ag leasanna eachtracha le 'doirse imrothlacha' neamhshrianta ó institiúidí Eorpacha go tíortha uathlathacha, agus go bhfuil baol ard ann go mbeidh trasnaíocht dhíobhálach ann i gcoinne leasanna agus luachanna AE; de bhrí nach leor na bearta chun gabháil scothaicme a laghdú agus nach gcuireann siad cosc ar iar-Fheisirí nó ar iar-státseirbhíseach sinsearach a bheith ag obair do rialtais nó d'eintitis ó thíortha ardriosca;
- M. de bhrí gur tharla cur isteach ar AE agus ar institiúidí náisiúnta le blianta fada ach gur tháinig méadú ollmhór ar scála, déine agus baol féideartha an chur isteach sin sna míonna roimh agus le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí, de réir na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), go bhfuil ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin chun tosaigh ar ghníomhaíochtaí maidir le ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis breathnaithe (FIMI);
- N. de bhrí go bhfónann bealaí taidhleoireachta na Rúise agus na Síne go rialta mar chumasóirí agus iolraitheoirí oibríochtaí FIMI a úsáidtear thar raon leathan ábhar; de bhrí go n-oibríonn an Rúis go córasach chun an bonn a bhaint de thacaíocht idirnáisiúnta don Úcráin agus í a scoilteadh agus chun amhras a chur faoi cé hé an t-

ionsaitheoir trí bhréaga a scaipeadh faoina cogadh foghach;

- O. de bhrí, i rún uaithi an 9 Márta 2022, gur shainaithe an Pharlaimint an Rúis agus an tSín mar phríomhfhoinsí trasnaíochta eachtraí san Eoraip; de bhrí go bhféachann an Rúis le teagmháil a dhéanamh le páirtithe polaitiúla, le pearsana agus le gluaiseachtaí chun iad a úsáid mar ghníomhaithe in institiúidí AE agus sa dioscúrsa náisiúnta d'fhonn a seasaimh agus a seachrialtais a dhlísteanú, brústocaireacht a dhéanamh ar fhaoiseamh i leith smachtbhannaí, iarmhairtí a leithlisithe idirnáisiúnta a mhaolú agus smaoineamh na fírinne agus na réaltachta oibiachtúla a chreimeadh; de bhrí gur sheol grúpaí a fhaigheann tacaíocht ón gCreimil cibearionsaí ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte tar éis rún a ghlacadh lena n-aithnítear an Rúis mar stát is urraitheoir ar an sceimhlitheoireacht¹¹;
- P. de bhrí gur iarr roinnt páirtithe polaitiúla a bhfuil ionadaíocht acu sa Pharlaimint tacaíocht airgeadais ó eintitis lasmuigh den Eoraip, lena n-áirítear ón Rúis; de bhrí, de réir athbhreithniú faisnéise na Stát Aontaithe, go bhfuil na céadta milliún euro teoraithe faoi rún ag an Rúis chuig páirtithe polaitiúla eachtracha agus iarrthóirí i níos mó ná dhá dhosaen tír ó 2014 i leith mar iarracht chun imeachtaí polaitiúla a mhúnlú lasmuigh dá teorainneacha; de bhrí gur bhain fórsaí atá nasctha leis an gCreimil úsáid freisin as cuideachtaí caocha, meithleacha machnaimh agus modhanna eile chun tionchar a imirt ar imeachtaí polaitiúla; de bhrí go raibh maoiniú polaitiúil na Rúise á maoirsiú uaireanta ag oifigigh rialtais agus reachtóirí na Rúise agus á fhorghníomhú ag comhlachtaí rialtais; de bhrí gur úsáid an Rúis criptea-airgeadra, airgead tirim agus bronntanais chun tionchar a imirt ar imeachtaí polaitiúla i dtíortha eile;
- Q. de bhrí gur shínigh páirtithe atá i bhfad ar dheis ón Ostair, ón bhFrainc agus ón Iodáil comhaontuithe comhair le páirtí na Rúise Aontaithe de chuid an Uachtaráin Putin agus go bhfuil líomhaintí sna meáin maidir leo go bhfuil siad toilteanach glacadh le cistiú polaitiúil ón Rúis; de bhrí gur tuairiscíodh go raibh dlúth-theagmháil freisin ag páirtithe Eorpacha eile atá i bhfad ar dheis i dtíortha amhail an Ghearmáin, an Ungáir agus an Ríocht Aontaithe leis an gCreimil agus gur oibrigh siad mar ‘bhreathnóirí toghcháin’ bréagacha i dtoghcháin faoi rialú na Creimile, mar shampla i réigiúin Donetsk agus Luhansk atá faoi fhorghabháil ag an Rúis in oirthear na hÚcráine, chun faireachán a dhéanamh ar thoghcháin urraithe ag an Rúis agus chun iad a dhlísteanú;
- R. de bhrí gur gá imscrúdú domhain a dhéanamh ar thorthaí maidir leis an dlúth-theagmháil rialta idir oifigigh Rúiseacha agus ionadaithe ó ghrúpa scarúnaithe Catalóinise sa Spáinn, agus idir oifigigh Rúiseacha agus an deontóir príobháideach is mó d'fheachtas ‘Vote Leave’ an Bhreiteimeachta; de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin mar chuid de straitéis níos leithne na Rúise chun gach deis a úsáid chun dioscúrsa a chúbláil chun díchobhsú a chur chun cinn;
- S. de bhrí go bhfuil baill foirne fós sa Pharlaimint a bhfuil naisc aitheanta acu le húdaráis na Rúise; de bhrí go gcruthaíonn an staid sin baol follasach de chur isteach eachtrach mailíseach; de bhrí gur oibrigh iníon Feisire de dlúthchiorcal Putin sa Pharlaimint mar intéirneach FPE;

¹¹ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2022 maidir le Cónaidhm na Rúise a aithint mar stát is urraitheoir ar an sceimhlitheoireacht (OJ C 167, 11.5.2023, lch. 18).

- T. de bhrí go bhfuil oibríochtaí tionchair ar mhórsála déanta ag an Asarbaiseáin, lena mbaineann amhras láidir faoi éilliú, i gcoinne chomhaltaí Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa; de bhrí gur éirigh leis an Asarbaiseáin fiosrúcháin a sheachaint maidir lena toghcháin agus a teist maidir le cearta an duine a ghlanadh;
- U. de bhrí gur cuid ríthábhachtach de dhaonlathas na hEorpa é cumas na n-ionadaithe sainleasa a dtuairimí a roinnt le cinnteoirí sa Pharlaimint trí bhíthin plé; de bhrí, áfach, nach bhfuil modhanna míchuí chun tionchar a imirt ar chionta coiriúla, breabaireachta agus cionta coiriúla eile inghlactha; de bhrí go bhfaigheann roinnt eagraíochtaí a dhíríonn ar shaincheisteanna ginearálta beartais agus brústocaireacht laistigh den Pharlaimint cistiú ó lasmuigh de AE, lena n-áirítear ón Rúis agus ó ghrúpaí seanbhunaithe atá bunaithe sna Stáit Aontaithe, agus go bhfuil sé ar intinn acu tionchar a imirt ar mhodh maireachtála agus ar phróisis dhaonlathacha na hEorpa; de bhrí go mbaineann éilliú ionadaithe poiblí an bonn de phrionsabail dhaonlathacha agus gur cheart é a chomhlíonadh le neamhfhulaingt;
- V. de bhrí gur gá d'institiúidí uile AE a choinníonn caidreamh le tíortha nach bhfuil san Aontas agus atá i mbun bheartas eachtrach AE tuilleadh acmhainní a leithdháileadh agus dlús a chur lena n-iarrachtaí cur isteach eachtrach ar phróisis dhaonlathacha i dtíortha comhpháirtíochta AE a chomhrac, lena n-áirítear trí chumarsáid straitéiseach a neartú;
- W. de bhrí gur gá feabhas a chur ar an gcomhar idir na hinstiúidí Eorpacha agus na Ballstáit ina bhfuil siad lonnaithe sa chomhrac i gcoinne trasnaíochta, lena n-áirítear éilliú; de bhrí nach mór do na Ballstáit sin reachtaíocht iomchuí a ghlacadh chun dul i ngleic leis na feiniméin sin; de bhrí, sa chomhthéacs sin, go bhfuil comhar idir na seirbhísí faisnéise, na póilíní agus na breithiúna bunriachtanach agus nach mór é a neartú;
- X. de bhrí go bhfuil caighdeán eitice ann cheana féin laistigh d'institiúidí AE, ach go bhfuil siad an-ilroinnte agus go mbraitheann siad ar chur chuige féinrialála amháin; de bhrí go bhféadfadh cruthú comhlachta eitice neamhspleách rannchuidiú le muinín in institiúidí AE agus a ndlisteanacht dhaonlathach a mhéadú; de bhrí nár bhraith sásraí faireacháin agus foláirimh inmheánacha institiúidí AE an t-éilliú agus an cur isteach eachtrach;
- Y. de bhrí gur neartaíodh Clár Trédhearcachta AE tar éis Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021¹², lenar leagadh síos ardchaighdeán maidir le hionadaíocht leasa thrédhearcach eiticiúil in AE; de bhrí go gceadaítear leis an gclár, cé nach bhfuil sé éigeantach go foirmiúil go fóill, go mbeadh go leor cruinnithe fós neamhthrédhearcach agus go bhfuarthas amach go raibh go leor iontrálacha míchruinne fós ann; de bhrí go gcuireann an clár le trédhearcacht an tionchair eachtraigh ach nach féidir leis cur isteach eachtrach a dhíspreagadh; de bhrí nach dtagann coinbhleachtaí leasa as gach gníomhaíocht sheachtrach a íoctar; de bhrí go n-éilítear leis na bearta a tugadh isteach le déanaí leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir leis an gClár Trédhearcachta uailmhian níos láidre ón bParlaimint maidir le cur chun feidhme, forfheidhmiú agus formhaoirseacht chuí na gcaighdeán trédhearcachta uile a áirithiú; de bhrí nach n-

¹² Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1).

áirítear iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa nó ionadaithe ó stáit nach bhfuil in AE i raon feidhme an chláir; de bhrí nach mbeidh an clár faoi réir athbhreithniú go dtí mí Iúil 2025 ar a dhéanaí;

- Z. de bhrí go bhféadfadh nochtadh sainordaitheach coinbhleachtaí leasa a bheith ina uirlis fhéideartha chun sláine na Parlaiminte a neartú;
- AA. de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid na teicneolaíochta faireachais spriocdhírithé go háirithe ag rialtais dhiansmach túla ar fud an domhain chun lucht freasúra polaitiúil a rianú nó chun faireachán a dhéanamh ar lucht cáinte an réimis; de bhrí go bhfuil grúpaí leochaileacha go hiondúil, amhail cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe na sochaí sibhialta, iriseoirí agus lucht freasúra polaitiúil, i measc na ndaoine a ndírítear orthu go príomha, lena n-áirítear laistigh de AE; de bhrí gur gá sraith straitéisí AE a neartú agus a chur in oiriúint níos fearr do na dúshláin a chruthaíonn uirlisí spiaireachta agus faireachais domhanda d'institiúidí agus do dhaoine aonair de chuid AE;
- AB. de bhrí go bhfuil obair an Choiste Speisialta um an Trasnaíocht Eachtrach ar na Próisis Dhaonlathacha Uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear Bréagaisnéis (INGE 1) agus a choiste comharba, an Coiste Speisialta um an trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus um neartú an ionracais, na trédhearcachta agus na cuntasachta i bParlaimint na hEorpa (INGE 2), tar éis gníomhaithe a dhéanann iarracht cur isteach ar ghnóthaí Eorpacha a thabhairt chun solais agus na straitéisí a úsáideann siad a léiriú; de bhrí go bhfuil moltaí suntasacha agus cuimsitheacha déanta ag an dá Choiste Speisialta maidir leis an mbealach chun déileáil le trasnaíocht mailíseach; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh soiléireachta maidir le trasnaíocht eachtrach, bíodh sin trí oifigigh eachtracha nó trí ionadaithe leasa ar leibhéal AE;
- AC. de bhrí go bhféadfadh neartú na gceanglas trédhearcachta le haghaidh ionadaithe agus eintitis leasa, amhail gníomhaireachtaí brústocaireachta agus comhairleoireachta, fondúireachtaí, ENRanna nó meithleacha smaointe, fónamh chun trasnaíocht choigríche a rianú; de bhrí nár cheart go ndéanadh na ceanglais stiogmatú ar chistiú eachtrach dlisteanach;
- AD. de bhrí nach mór d'ionadaithe leasa, amhail gníomhaireachtaí brústocaireachta agus comhairleoireachta, fondúireachtaí, ENRanna agus meithleacha machnaimh, a bheith faoi réir rialacha grinnschrúdaithe, díchill chuí agus trédhearcachta, go háirithe maidir le maoiniú, le critéir chomhréireacha agus nósanna imeachta neamh-achrannacha, go háirithe maidir le heintitis bheaga agus eagraíochtaí neamhrialtasacha beaga;
- AE. de bhrí nach mór rúin a bhaineann le tíortha nach bhfuil in AE, lena n-áirítear rúin phráinne faoi Riail 132 agus tuarascálacha a bhaineann go sonrach le tír faoi leith nó le réigiún sonrach, a ghlacadh i gcomhréir le treoirlínte agus raon feidhme na Parlaiminte, nár cheart do dhuine ar bith mí-úsáid a bhaint astu riamh agus nár cheart iad a úsáid riamh ar chúis ar bith seachas ar an ngá práinneach atá ann cearta agus saoirsí bunúsacha na ndaoine sin a bhfuil garbhaol i dtíortha neamh-AE ag bagairt orthu a chosaint; de bhrí nach mór rúin phráinneacha a bheith ina n-uirlis bhunriachtanach de bheartas na Parlaiminte maidir le cearta an duine;
- AF. de bhrí nach mór vótaí íogaire ar chomhaontuithe trádála agus comhair a chur faoi

ghrinnscrúdú ar leith, toisc go bhféadfadh siad aird ar leith a tharraingt ó na contrapháirtithe sna caibidlíochtaí;

Réamhrá

1. ag cáineadh, go láidir, na hiarrachtaí líomhnaithe atá déanta ag Catar agus Maracó tionchar a imirt ar FPenna, iar-Fheisirí agus foireann na Parlaiminte trí ghníomhartha éillithe, arb ionann iad agus cur isteach eachtrach tromchúiseach ar phróisis dhaonlathacha AE; á athdhearbhú gur baineadh geit uafásach aisti mar gheall ar na gníomhartha éillithe, sciúrtha airgid agus rannpháirtíochta líomhnaithe in eagraíocht choiriúil a rinne trí Fheisire, iar-Fheisire amháin agus APA amháin mar mhalairt ar thionchar ar chinntí na Parlaiminte agus go gcáineann sí na gníomhartha sin; á chur in iúl go bhfuil neamhfhulaingt aici maidir le héilliú d'aon chineál; á chur i bhfios go láidir nach bhfuil iompar agus intinn amhrasta na bhFeisirí agus APA atá faoi imscrúdú ionadaíoch ar an bParlaimint ina hiomláine, ós rud é go gcomhlíonann tromlach mór na bhFeisirí na rialacha reatha agus na bearta atá i bhfeidhm chun iad a fhorfheidhmiú agus go bhfuil siad tiomanta go hiomlán d'fhónamh thar ceann shaoránaigh AE;
2. á áitiú go gcuirfidh raon feidhme leathan na n-imscrúduithe leanúnacha de cheangal ar an bParlaimint agus ar institiúidí eile AE freagairt le bearta láidre agus láithreacha chun troid ar son an daonlathais, na trédhearcachta, an ionracais agus na cuntasachta a chosaint agus i gcoinne an éillithe; á mheabhrú go bhfuil na hiarrachtaí reatha chun na rialacha reatha a neartú tuilleadh chun cosc agus ullmhacht a áirithiú d'fhonn trédhearcacht agus cuntasacht na Parlaiminte agus institiúidí uile AE a fheabhsú agus chun an t-éilliú a chomhrac ríthábhachtach chun muinín na saoránach a chothú agus chun feidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha a áirithiú agus gur léiriú iad ar a thromchúisí atá tiomantas na bhFeisirí chun daonlathas na hEorpa a chosaint;
3. á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta do bheith ag obair ar gach leibhéal chun na rialacha agus an cultúr maidir le ionracas, trédhearcacht agus cuntasacht sa Parlaimint a neartú agus á iarraidh go ndéanfar bearta níos láidre chun aghaidh a thabhairt ar na coimbhleachtaí leasa uile a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear measúnú críochnúil ar chur chun feidhme na mbeart sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé bunriachtanach do na hinstitiúidí oibriú go trédhearcach agus aon choinbhleachtaí leasa a sheachaint chun muinín na saoránach a choinneáil in obair na n-institiúidí féin agus san Aontas i gcoitinne; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar na rialacha trédhearcachta agus cuntasachta a chur chun feidhme go hiomlán agus a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear an Cód Iompair do na Feisirí;
4. á dhearbhu go bhfuil gá le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus institiúidí AE chun go mbeidh siad in ann an cineál sin gníomhaíochta a chomhrac go héifeachtach; á iarraidh go ndéanfaí Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a leasú chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na trasnaíochta eachtraí mailísi; á iarraidh go ndéanfaid na Ballstáit athbhreithniú ar a reachtaíocht, i gcás inar gá, chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar chur isteach eachtrach, lena n-áirítear sna próisis dhaonlathacha laistigh d'institiúidí AE;

5. á chreidiúint gur cheart go mbeadh rialacha a dhíríonn ar FPEanna, iar-Fheisirí, foireann na ngrúpaí polaitiúla, APAnna agus oifigigh de chuid na Parlaiminte agus institiúidí Eorpacha eile bunaithe ar na caighdeáin is airde trédhearcachta, ionracais agus cuntasachta; á áitiú gur gá bealaí éalaithe a d'fhéadfadh a bheith ann i rialacha agus i nósanna imeachta na n-institiúidí lena gceadaítear iompar neamhdhleathach a shainaithint go córasach agus a dhúnadh go críochnúil le hathchóirithe agus acmhainneachtaí rialaithe éifeachtacha; á thabhairt chun suntais gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt sásraí atá ann faoi láthair agus é mar aidhm acu coinbhleachtaí leasa a chosc, trédhearcacht a fheabhsú, agus trasnaíocht eachtrach agus éilliú a chosc, a dhíspreagadh agus a bhrath;
6. á iarraidh go dtabharfaí chun críche go pras an t-athbhreithniú ar an gCód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa d'fhonn rialacha a thabhairt isteach maidir le sceithirí atá i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha a leagtar síos sa Treoir maidir le cosaint do lucht sceite eolais; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach Airteagal 3 de Chód Iompair FPEanna a leasú chun soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa agus ar oibleagáidí na bhFeisirí iad a réiteach; á iarraidh go ndéanfaí Airteagal 4 de Chód Iompair d'FPEanna a leasú chun ceanglais bhreise a thabhairt isteach maidir le faisnéis i ndearbhuithe leasanna airgeadais na bhFeisirí; á athdhearbhú go bhfuil sí den tuairim go soláthrófaí coimircí breise sa chomhrac i gcoinne an éillithe le dearbhú sócmhainní ó Fheisirí roimh a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, ag leanúint deachleachtais a lán Ballstát; á chreidiúint gur cheart gur ag na húdaráis ábhartha amháin a bheadh rochtain ar dhearbhuithe sócmhainní, gan dochar do rialacháin náisiúnta;
7. á chur in iúl gur geal léi agus go dtacaíonn sí go hiomlán leis na 14 pointe a d'fhormhuinigh Comhdháil na nUachtarán sa Pharlaimint tar éis togra ón Uachtarán Metsola chun rialacha agus nósanna imeachta na Parlaiminte a athchóiriú; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí nithiúla de na pointí sin a luaithe is féidir; á thabhairt dá haire gur céad chéim thábhachtach iad na tograí sin i bpróiseas athchóirithe inmheánaigh na Parlaiminte; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta a áirithiú go gcuirfear san áireamh, le hathchóirithe uailmhianacha inmheánacha a thugann aghaidh ar Fheisirí, saoirse an tsainordaithe a leagtar amach in Airteagal 2 den Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa; á mheas nach mór an tsaoirse sainordaithe sin a chothromú le hoibleagáidí an Aontais 'prionsabal chomhionannas a shaoránach a urramú, a gheobhaidh aird chomhionann óna institiúidí' agus leis na prionsabail 'go mbeidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais', 'go nglacfar cinntí ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach' agus 'go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir' (Airteagal 9 agus Airteagal 10 (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh);
8. á mheabhrú go ndírítear ar institiúidí AE ar an iomlán, mar aon le hinstitiúidí na mBallstát, ó thaobh cur isteach polaitiúil eachtrach, iarrachtaí spaireachta agus iarrachtaí ar éilliú, mar a léiríodh le hobair choistí INGE 1 agus INGE 2; á mheabhrú go gcuireann an comhthéacs geopholaitiúil reatha le bagairtí atá ann cheana ar dhaonlathas na hEorpa, seachas iad a ionadú; ag tathant ar riarachán na Parlaiminte agus

ar FPenna a bheith an-airdeallach agus dul i ngleic le haon iarrachtaí cur isteach sa tréimhse roimh thoghcháin Eorpacha 2024;

9. á iarraidh go ndéanfaidh SEGS agus toscaireachtaí AE ni dtíortha nach bhfuil san Aontas a n-acmhainneachtaí faoi seach a neartú tuilleadh chun bréagaisnéis agus bolscaireacht a bhaineann le tionchar a imirt ar chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) AE agus ar ról na Parlaiminte in CBES a chomhrac agus dul i ngleic leo; á mheabhrú go bhfuil cumarsáid straitéiseach réamhghníomhach ríthábhachtach chun tionchar eachtrach míchuí in AE a chomhrac agus a dhíothú; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé an caidreamh agus an comhar idirinstiúideach a neartú; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag SEGS agus ag a thoscaireachtaí faisnéis a bhailiú freisin maidir le cuspóirí geopholaitiúla AE; á chur in iúl gur geal léi, i bhfianaise an méid sin, na seisiúin faisnéise rialta SEGS do na Feisirí, á chreidiúint go bhfuil a lán scóipe fós ann chun feabhas a chur orthu agus á iarraidh go ndéanfaí na seisiúin faisnéise sin níos minice agus ar bhealach níos grinne;

An cultúr slándála laistigh den Pharlaimint a threisiú chun cur isteach eachtrach a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí

10. á thabhairt chun suntais gur gá cultúr na slándála laistigh den Pharlaimint a threisiú; á mheabhrú go ndírítear go rialta ar an bParlaimint, cosúil le gach instiúid Eorpach eile, le hiarrachtaí cur isteach mar thoradh ar an tionchar atá ag a seasaimh ar an domhan mór agus ar stiúradh chaidreamh seachtrach AE; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí oiliúint éigeantach, chuí agus rialta ar shlándáil, trasnaíocht, caighdeán eiticíúla, comhlíonadh agus ionracas do na Feisirí uile agus dá n-oifigí agus d'fhoireann uile na Parlaiminte, á chur in iúl dóibh gur targaidí ionchasacha iad do ghníomhaithe stáit eachtracha agus neamhstáit; á thabhairt dá haire gur cheart go n-áireofaí gné slándála digití san oiliúint sin;
11. á mholadh go gcuirfí imréiteach slándála iomchuí ar fáil d'oifigigh na Parlaiminte agus d'fhoireann na ngrúpaí polaitiúla, agus meastóireacht a dhéanamh ar an tráth a bhfuil gá le himréiteach slándála le haghaidh APAnna agus iad ag déileáil le gnóthaí eachtracha, slándáil agus cosaint nó saincheistanna trádála, amhail mar atá i bhfeidhm ag Ardrúnaíocht Chomhairle AE; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh comhar iomchuí ann le seirbhísí slándála náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar na himréitigh slándála sin a phróiseáil go tapa; á iarraidh go ndéanfaidh na húdaráis náisiúnta nósanna imeachta agus creat ama coiteann a leanúint aon uair a iarrtar orthu imréiteach slándála a thabhairt d'Fheisirí agus d'fhoireann na Parlaiminte, agus d'aon scagadh slándála a bhaineann le hinstiúidí AE;
12. á iarraidh go bhféachfadh seirbhísí na Parlaiminte, grúpaí polaitiúla agus oifigí na bhFeisirí ar roghanna chun scagadh foinse oscailte a dhéanamh ar oiliúnaithe, ar APAnna, ar fhoireann na ngrúpaí polaitiúla, ar fhoireann na Parlaiminte agus ar chonraitheoirí seachtracha maidir le leochaileacht fhéideartha i leith tionchair neamh-Eorpaigh, agus úsáid á baint as critéir atá sainithe go soiléir, sula rachaidh siad i mbun a ndualgas, agus, más gá, le linn a bhfostaíochta; á mheabhrú gur cheart fíorú den sórt sin a chaighdeánú chun na héilimh a dhéanann iarratasóirí ina CVanna a sheiceáil;
13. á mheabhrú, chun feidhmiú cuí agus sábháilte na Parlaiminte a áirithiú, go bhfostaítear

conraitheoirí príobháideacha chun cothabháil a dhéanamh ar a foirgnimh, ar a córais TF agus ar a ceamaraí; á iarraidh go ndéanfaidh riarachán na Parlaiminte aon chuideachtaí neamh-AE atá faoi úinéireacht príobháideach nó phoiblí a eisiamh ó chonarthaí den sórt sin, chomh maith le haon soláthraithe a bhfuil tagairt shonrach déanta ag institiúid nó Ballstát AE ina leith mar riosca slándála féideartha, más rud é go bhfuil cúis ann lena chreidiúint go bhféadfadh siad an Pharlaimint a nochtadh do rioscaí slándála nó go mainníonn siad sonraí pearsanta a chosaint i gceart; á iarraidh, i ndáil leis sin, go dtabharfaí aird ar leith ar chuideachtaí atá faoi úinéireacht cuideachtaí nó stát neamh-AE, amhail an Rúis agus an tSín;

14. á iarraidh go ndéanfaidh seirbhísí na Parlaiminte córais faireacháin agus faireachais éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun trasnaíocht eachtrach a bhrath agus saoirse sainordú FPE á urramú ag an am céanna agus deis a thairiscint d'Fheisirí agus d'fhoireann araon a ngléasanna leictreonacha a scanadh le haghaidh uirlisí faireachais mhaíliseacha;
15. á mheas gur cheart rochtain ar fhoirgnimh na Parlaiminte ag cuairteoirí, lena n-áirítear ionadaithe ó thíortha nach bhfuil in AE, brústocairí agus ENRanna, a rialú ar bhealach níos déine; á iarraidh go ndéanfaidh a hArd-Rúnaí tograí nua a thíolacadh go pras i ndáil leis sin; á iarraidh go gcuirfí srianta ar rochtain d'aon ionadaithe agus brústocairí ó thíortha nach bhfuil in AE agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhaineann mí-úsáid as a rochtain phribhléideach;
16. á mheabhú nach mór aon chuairteoirí a thionlacan agus iad ar áitribh na Parlaiminte mura rud é go bhfuil siad i limistéir thiomnaithe cuairteoirí; á iarraidh go ndéanfaí bearta sriantacha iomchuí a fhorfheidhmiú go dian i gcás neamhchomhlíonta, amhail cosc a chur ar bhall foirne nó ar oifig FPE a rinneadh sárúithe den sórt sin ina leith roimhe seo rochtain a thabhairt do chuairteoirí ar feadh tréimhse teoranta ama; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta an Cinneadh ón mBiúró a chur chun feidhme chun loga iontrála a chruthú, a chomhlíonann creat cosanta sonraí AE, do gach duine atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn agus a thugann cuairt ar an bParlaimint, lena léirítear faisnéis amhail dáta, am agus cuspóir na cuairte, lena n-áirítear sainaitheant na bhFeisirí, baill foirne na bhFeisirí, baill foirne an ghrúpa nó na haonaid riaracháin a mbuaileann siad leo, a sonraí teagmhála agus an duine atá freagrach astu le linn na cuairte agus lena n-áirítear an fhéidearthacht go roinnfidh oifigí na bhFeisirí éagsúla freagracht as cuairteoirí; á mheas nár cheart go mbeadh feidhm ag na coinníollacha iontrála sin maidir le foireann institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile AE, ná le hiriseoirí, a bhfuil scéim shonrach acu chun rochtain a fháil ar Pharlaimint na hEorpa; á iarraidh go ndéanfar meastóireacht chríochnúil ar eisiúint cártaí rochtana teaghlaigh; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na critéir eisiúna ar bhonn na ndoiciméad ábhartha; á iarraidh go mbeadh sealbhóirí cárta rochtana teaghlaigh os cionn 18 mbliana d'aois faoi réir an phróisis loga iontrála;
17. á chur in iúl gur geal léi an t-athchóiriú ar na rialacha rochtana d'iar-Fheisirí agus d'iarfhoireann, go háirithe an togra le haghaidh suaitheantas rochtana laethúil nua chun teacht in ionad na suaitheantas reatha, agus á iarraidh go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa breithniú ar an suaitheantas rochtana a tugadh d'iarfhoireann roimhe sin a tharraingt siar; ag dréim leis go ndéanfar athbhreithniú láithreach ar Riail 123 dá Rialacha Nós Imeachta, agus ina dhiaidh sin leasú ar Airteagal 6 dá Chód Iompair; á

mheas nár cheart go mbeadh sé de cheart ag iar-Fheisirí iontráil a dheonú d'aon duine eile; á mheas gur cheart go mbeadh feidhm ag an bhforáil chéanna maidir le hiarfhoireann;

18. á thabhairt dá haire gur tharla trasnaíocht eachtrach agus tionchar neamhdhlisteanach eile uaireanta trí phoist dea-íoctha a thairiscint d'iarfheisirí Eorpacha; gur cheart d'institiúidí AE déileáil ar bhealach níos déine le cásanna féideartha 'doirse imrothlacha' chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus damáiste do chlú a sheachaint; á iarraidh go gcuirfí borradh faoi choimircí i gcoinne trasnaíocht thromchúiseach mailíseach trí 'doirse imrothlacha' ó thíortha ardriosca nach bhfuil san Aontas; á iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist maidir le gabháil scothaicme i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta;
19. á mholadh go ndéanfadh institiúidí agus gníomhaireachtaí AE agus comhlachtaí eile AE faireachán réamhghníomhach ar ghníomhaíochtaí gairmiúla a mball foirne chun a nósanna imeachta inmheánacha agus seiceálacha inmheánacha a neartú ar chásanna doras imrothlach a d'fhéadfadh a bheith ann, i gcomhréir le moltaí 2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa¹³;
20. á chur in iúl go bhfuil gá le hinfheistíocht leanúnach chun a áirithiú go bhfuil struchtúr láidir slándála i bhfeidhm laistigh den Pharlaimint; á iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfadh comhlacht neamhspleách iniúchadh iomlán agus domhain ar bhearta slándála na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gá infheistíocht i mbonneagar TF na Parlaiminte a mhéadú; á mheas go bhfuil gá le hiarrachtaí den sórt sin chun athléimneacht na Parlaiminte i leith trasnaíocht eachtrach a áirithiú;
21. á chur i bhfios go láidir gur gá seiceáil chuimsitheach a dhéanamh ar an teicneolaíocht uile a úsáidtear sna hinstiúidí chun soláthraithe a eisiamh ó stáit uathlathacha, go háirithe an Rúis agus an tSín;
22. ag tathant go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chun a áirithiú nach mbainfidh gníomhaithe seachtracha mí-úsáid as ainm na Parlaiminte chun íomhá bhréagach de dhlisteanacht a chruthú, mar a tharla cheana leis an iris bhréige AE 'EP Today'; á iarraidh go ndéanfar athchóiriú ar na rialacha lena gceanglaítear ar Fheisirí lógó na Parlaiminte a úsáid nuair a eagraíonn siad imeacht ar áitreabh na Parlaiminte, ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an bParlaimint ar ábhar imeachtaí den sórt sin agus go bhféadfadh an cleachtas sin dlisteanacht éigin a thabhairt go neamhbheartaithe do ráitis nó d'aíonna a bhfuil amhras fúthu;

Caidreamh le tíortha agus le heintitis nach bhfuil san Aontas Eorpach: misin oifigiúla (lena n-áirítear misin bhreathnóireachta toghcháin), turais agus grúpaí cairdis

23. á iarraidh go ndéanfar critéir oibiachtúla a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun tíortha atá i mbaol oibríochtaí trasnaíochta eachtraí a dhéanamh a shainathint agus go ndéanfar measúnú ar na nithe seo a leanas mar chuid de na critéir sin: (a) clár gadaíochta maoine intleachtúla a bheith ann atá dírithe ar an Aontas agus ar a Bhallstáit, (b) reachtaíocht a bheith ann lena gcuirtear iallach ar ghníomhaithe náisiúnta neamhstáit dul i mbun

¹³ mar a leagtar amach i dtuarascáil an 27 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal 'Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2021'.

gníomhaíochtaí faisnéise, (c) sárú córasach ar chearta an duine, (d) beartas athbheithnitheach a bheith ann maidir leis an dlíchóras idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, (e) idé-eolaíocht údarásach a chur i bhfeidhm go seach-chríochach, agus (f) gníomhaíochtaí trasnaíochta nó coinbhleachtaí leasa sna hinstiúidí Eorpacha a bhrath; á iarraidh go ndéanfaidh Clár Trédhearcachta AE faireachán speisialta ar ionadaithe leasa cláraithe ó thíortha a mheastar a bheith i mbaol ar bhonn na gcritéar oibiachtúil sin;

24. á iarraidh go n-oibreodh an Coimisiún agus an Comhairle leis an bParlaimint, mar chomhrechtóir, chun bosca uirlisí an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (APPF) a fheabhsú agus chun rianú éifeachtach na ndeonachán don íocóir deiridh a chumasú, agus, ar an gcaoi sin, cosc a chur ar dhul timpeall ar na rialacha maidir le deonacháin trí idirghabhálaithe a úsáid; á iarraidh, go háirithe, go dtabharfaí sainordú do APPF faisnéis a fháil go díreach ó dheontóirí agus óna n-instiúidí baincéireachta, agus go mbunófaí córas brúfhógraí, a sheolfar ó na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais sna Ballstáit chuig APPF nuair a shainaithnítear idirbhearta a bhfuil amhras fúthu;
25. á thabhairt dá haire gur cheart foireann agus acmhainní APPF a mhéadú d'fhonn feabhas a chur ar a chumas grinnscrúdaithe agus comhar leis na Ballstáit a chur chun cinn maidir le cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann de chistiú aindleathach a léiriú; á mholadh gur cheart do APPF úsáid a bhaint as na sonraí a sholáthraíonn Ardáin an-mhór ar Líne (VLOPanna) i leabharlanna fógraíochta agus, go luath, clárlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla, chun cistiú aindleathach agus feachtais tionchair a bhrath;
26. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé trédhearcacht iomlán a chur chun cinn maidir leis an ioncam le haghaidh feachtais toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus maidir le caiteachas orthu ag páirtithe náisiúnta; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go nglacfaí rialacha maidir le feachtasaíocht pholaitiúil agus maoiniú páirtithe polaitiúla, lena n-áirítear ó thíortha nach bhfuil in AE; á chreidiúint go bhfuil gá le cistiú poiblí leormhaith do pháirtithe polaitiúla, teorainneacha ar chistiú príobháideach agus toirmeasc ar thabhartais ó thíortha nach tíortha den Aontas iad chun an baol a bhaineann le trasnaíocht eachtrach trí pháirtithe polaitiúla a theorannú;
27. á chur i bhfáth gur féidir misin chuig tíortha nach bhfuil in AE a úsáid mar dheis chun tionchar míchuí a imirt ar FPEanna; á mheabhrú gur cheart faisnéisithe slándála éigeantacha, tiomnaithe atá dírithe ar rioscaí trasnaíochta eachtraí, atá curtha in oiriúint don tír cinn scríbe, a thabhairt d'Fheisirí roimh aon mhisin; á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí meabhrúcháin faoi cheanglais sláine in aon doiciméid ullmhúcháin agus cruinnithe den sórt sin do mhisin; á chur i bhfíor go láidir gur gá cosaint níos fearr a thabhairt d'Fheisirí agus d'fhoireann na Parlaiminte i gcoinne cibirionsaithe agus haiceáil agus iad ag taisteal ar mhisin chuig tíortha nach bhfuil san Aontas;
28. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac Comhdháil na nUachtarán, an 13 Aibreán 2023, treoirlínte maidir leis an gcaidreamh le hionadaithe ó thíortha áirithe nach bhfuil in AE, rud a chuireann srian i gcásanna áirithe ar theagmhálacha oifigiúla; á mheas, i ndáil leis sin, go bhfuil sé rithábhachtach cur chun feidhme na mbeart trédhearcachta a leagtar síos sna treoirlínte sin a áirithiú, go háirithe trí thaifid a choimeád ar aon teagmháil le hionadaithe tíortha nach bhfuil in AE; á iarraidh, áfach, go ndéanfaí dearbhuithe níos

ginearálta i gcásanna ina bhféadfadh ainmniú daoine aonair nó eagraíochtaí beatha daoine aonair nó sábháilteacht daoine aonair a chur i mbaol;

29. á chur i bhfios go láidir gur ar ghrúpaí polaitiúla na Parlaiminte atá an phríomhfhreagracht Feisirí Eorpacha a cheapadh chuig ról agus iad a chur ar mhisin; á mholadh go neartófaí na rialacha maidir le misin oifigiúla a dhéantar thar ceann na Parlaiminte, go háirithe:
- (a) ba cheart gurb é cathaoirleach an mhisin oifigiúil go príomha a mbeidh sé de phribhléid aige labhairt go poiblí thar ceann na Parlaiminte ina iomláine chun na seasaimh a ghlacann sí a chosaint, agus ceart na bhFeisirí chun labhairt i gcáil phearsanta á ráthú i gcónaí;
- (b) le linn an mhisin, agus go háirithe le linn cruinnithe oifigiúla le hionadaithe eachtracha agus le hagallaimh a d'fhéadfadh a bheith ann, ní mór d'Fheisirí eile a áirithiú go comhsheasmhach agus go rialta go luaitear go soiléir é agus go ndéantar é a shoiléiriú go poiblí nach bhfuil siad ag labhairt thar ceann na Parlaiminte más rud é go gcuireann siad seasaimh in iúl atá éagsúil leis na seasaimh arna nglacadh ag an bParlaimint ag a vótálacha is déanaí; ba cheart go ndéanadh cathaoirleach an mhisin Feisirí nach gcloíonn leis an riail sin a ghlaoch chun oird agus, i gcás sárú tromchúiseach nó sárúithe leanúnacha ar an riail sin, féadfar cosc a chur orthu páirt a ghlacadh i misin;
30. á mheabhrú a thábhachtaí atá misin bhreathnóireachta toghcháin maidir le faisnéis ábhartha a sholáthar agus moltaí sonracha a eisiúint chun an córas toghcháin a dhéanamh níos athléimní agus chun cuidiú le cur isteach eachtrach ar phróisis toghcháin a chomhrac; á chreidiúint gur cheart don Pharlaimint cosc a chur ar bhreathnóireacht toghcháin neamhoifigiúil neamhúdraithe ag Feisirí aonair; á chur i bhfáth nár cheart do na Feisirí a bheith rannpháirteach ach amháin i misin bhreathnóireachta toghcháin arna gcinneadh agus arna n-údarú ag Comhdháil na nUachtarán; á mheabhrú gur bunaíodh nós imeachta an Ghrúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghchán do 'chásanna breathnóireachta neamhoifigiúla toghcháin aonair ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa' (a glacadh an 13 Nollaig 2018), lenar féidir FPEnna a eisiáimh ó thoscaireachtaí oifigiúla breathnóireachta toghchán na Parlaiminte ar feadh ré an téarma parlaimintigh; ag tathant ar riarachán na Parlaiminte smachtbhannaí níos déine a ghlacadh, lena n-áirítear fineálacha suntasacha agus bearta sriantacha eile, i gcoinne FPEnna a ghlacann páirt i misin toghcháin neamhoifigiúla, chomh maith leo siúd nach ndéanann, agus iad ag glacadh páirt i misin bhreathnóireachta údraithe na Parlaiminte, na rialacha is infheidhme a urramú go docht; á chreidiúint gur cheart do mhisin breathnóireachta toghchán béim bhreise a chur ar chur isteach iarbhír nó iarracht ar chur isteach roimh lá an toghcháin, go háirithe i gcás ina dtarlaíonn an cur isteach sin ar líne nó ar na meáin shóisialta;
31. á áitiú gur cuid dhílis dá saoirse sainordaithe iad turais aonair a dhéanann FPEnna; ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh rialacha trédhearcachta éigeantacha ann do thurais ag FPEnna a n-íocann tíortha agus eintitis eachtracha astu, maille le ceanglais maidir leis na mionsonraí atá le soláthar, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, ainm an ghníomhaire íocaíochta, liosta caiteachais agus na cúiseanna atá leis an turas; á mheabhrú nár cheart a mheas gur toscaireachtaí oifigiúla de chuid na Parlaiminte iad

turais den sórt sin agus á iarraidh go ndéanfadh na Feisirí a bhfuil baint acu le turais den sórt sin aon mhearbhall a sheachaint ina leith sin agus smachtbhannaí dochta a fhorchur i gcás mainneachtain é sin a dhéanamh; á mheas gur féidir misin a dhéanann FPenna ina gcáil mar rapóirtéir a mheas i gcónaí a bheith oifigiúil; á iarraidh go ndéanfaí bearta chun a áirithiú go ndéanfaidh an Pharlaimint an costas taistil chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhaineann leis an sainordú a chumhdach;

32. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh rialacha níos déine ann maidir le turais ag oifigigh a íocann tíortha agus eintitis eachtracha astu; á chreidiúint gur cheart rialacha comhchosúla a tharraingt suas do thurais a dhéanann APAnna nó foireann na ngrúpaí polaitiúla;
33. á mholadh go ndéanfaí an tairseach do bhronntanais do na Feisirí Eorpacha a theorannú go EUR 100; ag spreagadh faireachán níos déine a dhéanamh ar na cuirí, na bronntanais agus na turais uile a fhaigheann FPenna agus baill foirne i gcás ina mbaineann na cuirí, na bronntanais agus na turais sin le tíortha nach bhfuil in AE;
34. á mheas i gcás tíortha nach bhfuil in AE, nach mór don Pharlaimint tosaíocht iomlán a thabhairt d'obair a toscaireachtaí oifigiúla don chaidreamh leis na tíortha sin; á mheabhrú gur cheart toirmeasc a chur ar aon ghníomhaíocht nó ar aon chruinniú d'aon ghrúpálacha neamhoifigiúla Feisirí a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar ghníomhaíochtaí oifigiúla na Parlaiminte; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar ghrúpaí cairdis le tíortha neamh-AE a bhfuil toscaireachtaí oifigiúla de chuid na Parlaiminte ann dóibh cheana, agus á aithint gur cheart do ghrúpaí cairdis leanúint de bheith ann, ar bhonn cás ar chás, do ghníomhaíochtaí a bhaineann le críocha neamhcheannasacha áirithe, le mionlaigh nó comhpháirtithe atá faoi ghéarleanúint nach ann do thoscaireacht oifigiúil ina leith; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do thíortha nach bhfuil in AE idirghníomhú leis an bParlaimint tríd an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, trí thoscaireachtaí oifigiúla na Parlaiminte atá ann cheana, trí Choistí eile agus tríd an nGrúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghchán de réir mar is gá; á chur i bhfíoras go láidir gur cheart go mbeadh eisceachtaí áirithe ag brath, i measc nithe eile, ar dhearbhuíthe oifigiúla a chomhdú sa chlár trédhearcachta d'idirghrúpaí agus do ghrúpaí neamhfhoirmiúla eile arna gcoinneáil ag na Caestóirí, ar na dearbhuithe sin ina bhfuil ainmneacha na bhFeisirí agus na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann, chomh maith le sonraí na gcruinnithe uile a tionóladh; á mheas nach mór do ghrúpaí cairdis aon chúnaimh airgeadais nó tacaíocht chomhchineáil a fhaigheann siad a dhearbhuí go poiblí, lena n-áirítear méideanna beachta cistí agus cúnaimh a sholáthraíonn tríú páirtithe; á mheas, i ndáil leis sin, nach mór Riail 35 dá Rialacha Nós Imeachta a leasú; á áitiú nach mór Riail 176 dá Rialacha Nós Imeachta a leasú chun go bhféadfar smachtbhannaí éifeachtacha a fhorchur ar sháruithe; á chur i bhfíoras go láidir, ag an am céanna, nach mór don Pharlaimint agus dá Feisirí a áirithiú go bhfeidhmíonn toscaireachtaí parlaiminteacha ar bhealach sásúil, go háirithe trí urraim a thabhairt do sheasaimh na Parlaiminte mar a glacadh iad le linn a seisiúin iomlánacha; á iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfaí cuíchóiriú práinneach ar thoscaireachtaí parlaiminteacha, ar a ról agus ar raon feidhme a ngníomhaíochta, agus go ngníomhóidh siad go hiomlán i gcónaí i gcomhréir leis na comhlachtaí eile de chuid na Parlaiminte a bhfuil baint acu le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh a chinneadh;
35. ag tathant ar na Feisirí a bheith ar an airdeall faoi eintitis áirithe atá, faoi scáth a bheith

ag déileáil le saincheisteanna beartais ghinearálta, ina veicteoirí tionchair agus cur isteach neamhdhearbhaithe ag tíortha eachtracha;

Sláine na hoibre parlaimintí

36. á mheabhrú a thábhachtaí atá rúin phráinne mar chuid de ghníomhaíocht na Parlaiminte chun cearta an duine a chosaint ar fud an domhain; ag cáineadh aon iarrachtaí cur isteach orthu; á aithint nach mór dóibh a bpráinn a choinneáil, ach á mholadh go gceadófar tréimhse oiriúnach ama chun iad a dhréachtú chun cosaint chuí ar thionchar seachtrach a áirithiú; á athdhearbhú gur cheart a raon feidhme a chomhlíonadh go docht; á chur i bhfios go láidir nár cheart go mbainfí an bonn de neart agus de thionchar rúin phráinne na Parlaiminte maidir le cearta an duine;
37. á chreidiúint nár cheart cur isteach eachtrach ná iarracht ar chur isteach eachtrach a fhágáil gan iarmhairtí don tír atá freagrach; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici aon togra reachtach nó neamhreachtach maidir le comhar le húdarais stáit tíre den sórt sin a chur ar fionraí ar feadh tréimhse atá i gcomhréir le déine an chur isteach; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aige, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, an cistiú uile ó chlár an Aontais chuig údarais stáit tíre den sórt sin a chur ar fionraí, agus cistiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do na meáin neamhspleácha agus do chúnamh daonnúil á chaomhnú ag an am céanna; á chreidiúint gur cheart dá Choiste um Ghnóthaí Eachtracha a iarraidh ar Ambasadóir na tíre sin chuig AE teacht i láthair sa Choiste um Ghnóthaí Eachtracha chun tuairimí a mhalartú;
38. á mholadh go mbeadh iarscríbhinn ag gabháil le rúin ar vótáil an Pharlaimint ina leith ina mbeadh liosta de dhaoine nó d'institiúidí a bhuail na rapóirtéirí agus scáth-rapóirtéirí leo, cé is moite de dhaoine aonair a gcuirfí a slándáil i mbaol dá ndéanfaí iad a lua, a ndéanfar a gcéannacht a chur in iúl don chomhlacht atá ainmnithe chun na críche sin agus a mbeidh a gcéannacht cosanta go cuí aige; á mholadh, dá bhrí sin, go mbeadh sé éigeantach d'Fheisirí a dhréachtaíonn tuarascálacha nó tuairimí liosta a chur i gceangal leis an raon saineolais agus tuairimí seachtracha a fuair an rapóirtéir;
39. á mheas gur cheart go mbeadh sé éigeantach do na Feisirí uile gach cruinniú sceidealta le tríú páirtithe (ionadaithe leasa) a fhoilsiú; ag cur béim ar an ngá atá leis an bpróiseas nochta a dhéanamh chomh héasca agus chomh tapa agus is féidir, agus sláine an nós imeachta á coimeád ag an am céanna; á mheas gur cheart Riail 11 dá Rialacha Nós Imeachta a leasú chun sainmhínte ar 'cruinniú sceidealaithe' agus 'ról gníomhach' a chur san áireamh; á chreidiúint gur cheart na hoibleagáidí faoin riail sin a leathnú chuig na Feisirí uile; á chur i bhfios, áfach, gur cheart an córas chun na cruinnithe sin a dhearbhu a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe ós rud é nach gcuirtear fochoistí san áireamh ann go fóill; á iarraidh go gcuirfí toscaireachtaí na Parlaiminte san áireamh sa chóras freisin; á chreidiúint gur cheart rialacha comhchosúla a ghlacadh do chruinnithe ar a bhfreastalaíonn oifigigh de chuid na Parlaiminte, APAnna agus foireann na ngrúpaí polaitiúla; á chur in iúl gur oth léi nach ndearbhaíonn cuid de na Feisirí, a gceanglaítear orthu déanamh amhlaidh, a gcruinnithe le hionadaithe sainleasa;
40. á iarraidh go ndéanfaí cur chun feidhme, forfheidhmiú agus maoirseacht i bhfad níos déine ar chloí le forálacha reatha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir leis an gClár Trédhearcachta laistigh den Pharlaimint; á iarraidh go gceanglófaí ar FPEnna

agus ar a n-oifigí cruinnithe a fhógairt le hionadaithe taidhleoireachta ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus le hionadaithe leasanna a chumhdaítear le raon feidhme Chlár Trédhearcachta AE, ach eisceachtaí a bheith ann i gcásanna ina gcuirfeadh ainmniú daoine aonair nó eagraíochtaí beatha nó sábháilteacht daoine aonair i mbaol; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh na dearbhuithe chomh soiléir agus chomh hinrochtana agus is féidir don phobal; á chreidiúint gur cheart smachtbhannaí a chur i bhfeidhm maidir le haon mhainneachtain dearbhuithe den sórt sin a thíolacadh;

41. á áitiú go mbeadh oibleagáid ann rannpháirtíocht a dhearbhu in aon chomhdháil nó imeacht a eagraíonn nó a chistíonn eintitis eachtracha, lena n-áirítear stáit eachtracha, cuideachtaí príobháideacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus meithleacha machnaimh;
42. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur comhaltaí de pháirtithe polaitiúla iad roinnt Feisirí a bhfuil tacaíocht airgeadais faighte acu ó eintitis neamh-AE, lena n-áirítear ón Rúis, agus gur léir go raibh tionchar ag an tacaíocht sin ar a seasaimh pholaitiúla;
43. á athdhearbhú gur cheart do na Feisirí, dá bhfoireann agus d'fhoireann na ngrúpaí polaitiúla meastóireacht chriticiúil a dhéanamh agus stáonadh ó thograí leasaithe a chur síos go córasach arna réamhscríobh ag tríú páirtithe;
44. á iarraidh go gcuirfí tús le cainteanna idirinstiúideacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú Idirinstiúideach maidir leis an gClár Trédhearcachta i bhfad roimh spriocdháta mhí Iúil 2025; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstiúideach maidir le Rialáil Níos Fearr chun measúnú a dhéanamh ar conas is féidir prionsabal na trédhearcachta agus na sláine a áireamh i measc ghealltanais agus chuspóirí coiteanna an phróisis reachtaigh;
45. á áitiú go láidir go bhfuil gá le trédhearcacht, trí chlárú i gClár Trédhearcachta AE, maidir leis an gcistiú a fhaigheann ionadaithe sainleasa, amhail ENRanna, meithleacha machnaimh agus seirbhísí comhairliúcháin, ar mian leo a bheith rannpháirteach leis an bParlaimint, go háirithe nuair a iarrann siad tacaíocht nó urraíocht ó Fheisirí chun cruinnithe a eagrú ar áitreabh na Parlaiminte, nuair a thugtar cuireadh dóibh chuig éisteachtaí, malartuithe tuairimí nó aon láithrithe sceidealaithe eile, nó nuair a ghlacann siad páirt i staidéar nó i dtaighde thar ceann na Parlaiminte; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an togra le haghaidh seiceálacha níos láidre ar ionadaithe leasa, amhail an réamhriachtanas go liostófaí sa Chlár Trédhearcachta é chun go mbeidh sé in ann labhairt ag cruinnithe coiste; á mholadh go nglacfaí forálacha sonracha d'ionadaithe sainleasa nach dtagann a ngníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta, amhail ionadaithe ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil stádas taidhleoireachta acu; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar chritéir chomhréireachta agus ar an ngá atá le nósanna imeachta achrannacha a sheachaint;
46. á iarraidh go ndéanfaí measúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh na cláraithe reatha i gClár Trédhearcachta AE faoi réir tionchar eachtrach agus ar chomhlíon siad an Cód Iompair go héifeachtach; á iarraidh go n-áireofaí sa tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú an chláir caibidil maidir le teagmhais a bhaineann leis an riosca a bhaineann le trasnaíocht eachtrach;
47. á áitiú nach mór Clár Trédhearcachta AE a neartú trína bhuiséad agus a fhoireann a

mheadú ionas go mbeidh sé in ann an fhaisnéis a chuireann iarratasóirí agus cláraithe ar fáil a fhíorú ar bhealach níos críochnúla; á iarraidh go ndéanfaí leathnú ar a raon feidhme a mheas, go ndéanfaí oibleagáidí breise a leagan síos do chláraithe agus go ndéanfaí bearta níos srianta chun aghaidh a thabhairt ar shárúithe ar an gCód Iompair;

48. á mheas go bhfuil sé ábhartha don Pharlaimint bealaí a phlé chun feabhas a chur ar bhearta trédhearcachta agus frithéillithe d'ionadaithe sainleasa a fhéachann le tionchar a imirt ar thograí reachtacha nó ar rúin reachtacha, lena n-áirítear trí chruinnithe a eagrú le FPEnna, lena n-oifigí nó le foireann na ngrúpaí polaitiúla; á thabhairt chun suntais go bhféadfaí bearta níos déine a áireamh leis sin maidir le hionadaithe sainleasa a chlárú sa Chlár Trédhearcachta;
49. á iarraidh go ndéanfar scagadh airgeadais cuimsitheach ar na grúpaí sainleasa, ar na heagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar na comhairliúcháin uile sula liostaítear iad sa Chlár Trédhearcachta, agus go ndéanfar athbhreithniú ar na hionadaithe leasmhara uile atá cláraithe faoi láthair; á iarraidh go mbeadh na heagraíochtaí sin trédhearcach freisin maidir le comhdhéanamh a gcomhlachtaí rialaithe agus go ndearbhódh siad go bhfuil na hoibleagáidí dlíthiúla ábhartha á gcomhlíonadh, go háirithe oibleagáidí airgeadais agus cuntasaochta; á iarraidh go mbeadh aon ghníomhaireachtaí comhairliúcháin ar mian leo clárú trédhearcach maidir lena struchtúr cliant; á iarraidh go ndéanfaí sainmhíniú dlíthiúil soiléir ar 'ionadaithe leasa' agus 'stádas ENR' a tharraingt suas, a mbeadh feidhm aige maidir le gach eagraíocht ar mian leo a bheith liostaithe sa Chlár Trédhearcachta agus a bheadh incháilithe cistiú AE a fháil; á chur i bhfios go láidir nach mór do na heagraíochtaí neamhrialtasacha sin a fhaigheann airgead ó thríú páirtithe nach gceanglaítear iad a liostú sa Chlár Trédhearcachta foinsí a gcistithe a nochtadh tríd an bhfaisnéis chéanna a sholáthar agus a chuirtear ar fáil do gach gnáthchláraí;
50. á thabhairt dá haire, mar chuid den scannal éillithe a bhí ann le déanaí, gur baineadh mí-úsáid as obair dhá ENR chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a mhaoiniú agus chun tionchar a imirt ar chinnteoireacht na Parlaiminte thar ceann tríú páirtithe;
51. á iarraidh go ndéanfar seiceálacha agus grinnscrúdú feabhsaithe ar ionadaithe leasa agus ar gheallsealbhoirí ábhartha eile a oibríonn go dlúth leis an bParlaimint nó le hinstitiúidí eile AE, chun neamhrialtachtaí, calaois nó sárúithe ar oibleagáidí a shainaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a thagann salach ar luachanna AE, mar a shainmhíneáir in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, nó sárúithe ar oibleagáidí a bhaineann lena gclárú sa Chlár Trédhearcachta; á iarraidh go gcuirfí conarthaí ar fionraí nó go bhfoirceannfaí iad, nó go laghdófaí a ré, agus go ndéanfaí cistí a aisghabháil i gcás ina dtarlaíonn aon sárúithe den sórt sin;
52. á mheabhrú gur cheart bearta reatha AE i gcoinne chainéil teilifíse na Rúise a chur chun feidhme go hiomlán chun cur i gcoinne bholscaireacht na Rúise ar bhealach níos éifeachtaí;
53. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an cur isteach ó eagraíochtaí Ioslamacha atá spreagtha ag stáit eachtracha;
54. á iarraidh go ndéanfaí tuarascáil INGE 1 a chur chun feidhme go práinneach, inar moladh cheana féin go ndéanfadh institiúidí AE an Clár Trédhearcachta a athchóiriú,

lena n-áirítear trí rialacha trédhearcachta níos déine a thabhairt isteach, amhail do thurais a chuireann tíortha agus eintitis eachtracha ar fáil d'oifigigh institiúidí AE, trí thrédhearcacht agus cuntasacht grúpaí cairdis a fheabhsú, trí chistiú eachtrach a mhapáil le haghaidh brústocaireacht a bhaineann le AE agus trí iontráil a áirithiú lena bhféadfar cistiú ó rialtais eachtracha a shainaithe; á iarraidh go ndéanadh na Ballstáit dlíthe maidir le trasnaíocht eachtrach a chomhchuíbiú agus toirmeasc a chur ar thabhartais eachtracha do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla;

55. á athdhearbhú go bhfuil sí tiomanta tréimhse mharana sé mhí a chur chun feidhme d'iar-Fheisirí; á chur i bhfáth gur cheart go dtosódh an tréimhse sin díreach tar éis dheireadh a dtéarma oifige; á mheas gur cheart do chomhlacht eitice AE amach anseo faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na tréimhse marana sin;
56. á iarraidh ar sheirbhísí na Parlaiminte córas faireacháin agus rialacha a chruthú chun rochtain iar-FPEnna a chúlghairm más rud é go ndéanann siad stocaireacht ar an bParlaimint thar ceann tíortha ardriosca tar éis a dtréimhse mharana, má úsáideann siad an t-eolas a fuarthas le linn a dtréimhse mar oifigigh phoiblí i gcoinne leasanna an Aontais agus leas an phobail, dá mbeidís rannpháirteach fiú in oibríochtaí tionchair dhomhanda nó in oibríochtaí trasnaíochta;
57. á chreidiúint gur gá do na Feisirí a bheith níos trédhearcaí maidir le haon obair ar an taobh íochta a fhéadfaidh siad a dhéanamh, agus rialacha athbhreithnithe agus níos beaichte á gcur i bhfeidhm acu maidir le nochtadh na méideanna fo-ioncaim a thuilltear, maidir leis an staid ina dtuilltear é agus maidir leis na cliaint a n-oibríonn FPEnna thar a gceann ar íocaíocht; ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh rialacha níos déine ann d'Fheisirí atá i mbun obair ar an taobh ar íocaíocht, agus béim ar leith á leagan ar ghníomhaíochtaí a shrianadh thar ceann eagraíochtaí nó daoine aonair a chumhdaítear faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta toirmeasc a thabhairt isteach ar FPEnna a bheith i mbun obair ar an taobh íochta do stáit ardriosca neamh-AE nó d'eintitis spleácha le linn a dtéarma oifige; á mheas gur cheart Reachta Fheisirí Parlaimint na hEorpa a bheith faoi réir athbhreithniú reachtach, agus béim ar leith á leagan ar obair ar an taobh; á chreidiúint gur gá don Parlaimint a bheith níos trédhearcaí maidir leis an ábhar sin; á iarraidh go mbeadh dearbhuithe na bhFeisirí maidir le hobair ar an taobh faoi réir seiceálacha institiúideacha agus go dtacófar leo le doiciméid ábhartha, mar atá cheana féin i roinnt Ballstát;
58. á iarraidh go ndéanfaí rialacha a fhorfheidhmiú lena gcuirtear cosc ar aon ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn ó ghníomhaíochtaí oifigiúla na Parlaiminte, go háirithe má bhíonn idirghníomhaíocht le tíortha nach bhfuil in AE i gceist leis na gníomhaíochtaí sin; á thabhairt dá haire go bhfuil sé de shaoirse ag Feisirí poist a ghlacadh in eagraíochtaí atá bunaithe lasmuigh de AE agus atá lasmuigh de raon feidhme an Chláir Trédhearcachta nó a bheith ag obair do thíortha nach bhfuil in AE nó thar a gceann, faoi réir na n-eisceachtaí a luaitear in áiteanna eile sa rún seo, agus é á áitiú ag an am céanna nach mór do na Feisirí an méid ioncaim a thuilltear as an obair ar an taobh, an ról ina thuilltear é agus na cliaint a bhfuil siad ag obair ar íocaíocht thar a gceann a nochtadh, i gcomhréir leis na leasuithe ábhartha ar an gCód Iompair;
59. á chur in iúl go dtacaítear leis an athchóiriú ar a shuíomh gréasáin agus é mar aidhm leis an bhfaisnéis atá ann a chur ar fáil don phobal ar bhealach níos éasca; á iarraidh go

mbunófaí córas soláimhsithe ar a shuíomh gréasáin lenar féidir an téacs a ndearnadh vótáil air agus torthaí na vótála a scagadh de réir grúpa agus FPE le haghaidh gach vóta le glaoch rolla; á iarraidh go nochtfar lorg reachtach na dtéacsanna agus na leasuithe atá beartaithe; ag meabhrú a taifid trédhearcachta agus a hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag gach saoránach ar dhoiciméid, gan beann ar a meán, agus á chur i bhfáth gur cheart iad a chur ar fáil i bhformáid oscailte, sholáimhsithe don úsáideoir agus inléite ag meaisín;

60. á áitiú gur cheart d'institiúidí uile AE atá rannpháirteach i gcruinnithe tríthaobhacha doiciméid reachtacha a dhéanamh inrochtana go díreach i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001¹⁴, mura rud é go mbainfeadh a nochtadh an bonn go mór ón bpróiseas cinnteoireachta; á thabhairt chun suntais, sa bhreithiúnas a tugadh le déanaí i gCás T-163/21¹⁵, gur chinn an Chúirt Ghinearálta gur cheart go mbeadh rochtain ar dhoiciméid reachtacha chomh leathan agus is féidir; á iarraidh go ndéanfadh an Comhairle an breithiúnas sin a chomhlíonadh go hiomlán; á iarraidh go ndéanfadh institiúidí uile AE breithiúnas na Cúirte Ghinearálta i gCás T-540/15¹⁶ a chomhlíonadh go hiomlán maidir le rochtain ar dhoiciméid thríthaobhacha;
61. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go n-áireofaí ar na doiciméid atá le rochtain go díreach trí chlár poiblí na Parlaiminte doiciméid reachtacha ullmhúcháin, amhail doiciméid pholaitiúla agus theicniúla thríthaobhacha, lena n-áirítear gach leagan den doiciméad comhpháirteach ilcholuín dá dtagraítear sa Chód Iompair maidir le caibidlíocht a dhéanamh i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh;
62. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh oiliúint éigeantach a thabhairt isteach maidir le sceithirí do bhainisteoirí foirne agus APAnna na Parlaiminte; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht níos láidre chun feabhas a chur ar chosaint sceithirí i measc ball foirne agus APAnna, go háirithe trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 22c de Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) ('Rialachán Foirne AE') chun í a ailíniú leis na caighdeáin a leagtar síos i dTreoir 2019/1937 ('an Treoir maidir le Sceithirí') agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacha Inmheánacha na Parlaiminte lena gcuirtear Airteagal 22c de na Rialachán Foirne chun feidhme dá réir;
63. á chur i bhfáth go rannchuideodh códú na rialacha dea-riaracháin, trí phríomhghnéithe den nós imeachta riaracháin a leagan amach, amhail fógraí, an ceart chun éisteacht a fháil, agus ceart gach duine rochtain a fháil ar a gcomhad féin, le trédhearcacht, sláine agus cuntasacht institiúidí AE, agus go neartófaí trédhearcacht, sláine agus cuntasacht na n-institiúidí sin, agus nach mbeadh siad chomh so-ghabhálach i leith an éillithe;

Comhar le hinstiúidí eile de chuid an Aontais agus le hinstiúidí náisiúnta

64. á chur in iúl gur geal léi an pacáiste atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le cosaint an

¹⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, leh. 43).

¹⁵ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Eanáir 2023, De Capitani v an Chomhairle, T-163/21, ECLI:AE:T:2023:15.

¹⁶ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 22 Márta 2018, Emilio De Capitani v Parlaimint na hEorpa, T-540/15, ECLI:EU:T:2018:167.

daonlathais, lena n-áirítear treoir, lena ndírítear ar chaighdeáin choiteanna trédhearcachta agus cuntasachta a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí ionadaíochta leasa a dhírítear nó a n-íoctar astu ó lasmuigh de AE, lena gcuirtear le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus lena gcosnaítear réimse daonlathach AE ar chur isteach faoi cheilt; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún, ina leith sin, measúnú tionchair cuí, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Rialáil Níos Fearr, sula ndéanfaidh sé moltaí nua agus tograí reachtacha nua a thíolacadh;

65. á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún go molfaidh sé, mar chuid den phacáiste maidir le cosaint an daonlathais, treoir maidir le trédhearcacht ionadaithe leasa a ghníomhaíonn thar ceann tíortha nach bhfuil in AE, lena mbunófaí ceanglais trédhearcachta chomhchuibhithe maidir le seirbhísí a sholáthar ó lasmuigh den Aontas; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an moladh comhlántach maidir le toghcháin shlána athléimneacha agus an moladh maidir le tacaíocht agus rannpháirtíocht a mhéadú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta; ag dréim leis go n-áiritheofar leis an togra cothrom na Féinne d'ionadaíocht leasa in AE agus go gcomhlíonfaidh sé an dlí idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine, go háirithe maidir le feidhmiú saoirsí sibhialta;
66. á chur in iúl gur geal léi an pacáiste frith-éillithe atá beartaithe ag an gCoimisiún, lena n-áirítear an togra chun nuashonrú a dhéanamh ar rialacha AE maidir leis an éilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil;
67. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún chun córas nua smachtbhannaí a bhunú chun díriú ar ghníomhartha tromchúiseacha éillithe ar fud an domhain;
68. ag athdhearbhú a hiarrata go mbunófaí comhlacht eitice neamhspleách AE go pras agus go bhfuil sí tiomanta do chaibidlíochtaí idirinstiúideacha a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2023; á mheabhrú nach mór d'aon chomhlacht den sórt sin deighilt na gcumhachtaí idir na hinstiúidí a urramú; á mheas gur cheart go n-áireofaí i sainordú an chomhlachta grinnscrúdú, de réir an cháis, ar intinn na bhFeisirí agus na n-iar-Fheisirí oibriú d'aon rialtas neamh-AE nó d'aon eintiteas arna rialú ag rialtas neamh-AE le linn a dtéarma oifige nó tar éis dheireadh a dtéarma, agus á chreidiúint gur cheart go mbeadh an sainordú sin de chineál comhairleach; á iarraidh go seasfadh FPEnna le luachanna agus caighdeáin na Parlaiminte agus gan glacadh le fostaíocht ag rialtais fhórlámhacha, neamhdhaonlathacha nó eintitis ghaolmhara faoi úinéireacht stáit tar éis dheireadh a dtéarma;
69. á chur in iúl gur oth léi moill an Choimisiúin maidir le togra a thíolacadh chun comhlacht eitice idirinstiúideach neamhspleách AE a bhunú; á iarraidh go dtiocfadh na hinstiúidí ar chomhaontú go pras maidir le téarmaí bhunaíochta an chomhlachta sin chun níos mó comhsheasmhachta a áirithiú maidir le hoibleagáidí eiticiúla idir rialacha nós imeachta agus cóid iompair éagsúla na n-institiúidí; á mheabhrú gur gá na rialacha a bhaineann le hiar-FPEnna atá i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta a thagann faoin gClár Trédhearcachta a shoiléiriú agus a chur in iúl go soiléir; á mheabhrú gur gá a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí caighdeáin na hoifige poiblí a leagtar síos sa Chód Iompair d'Fheisirí agus rialacha eile arna nglacadh ag an bParlaimint agus ag a comhlachtaí trí sháruithe a imscrúdú agus trí smachtbhannaí a mholadh; á áitiú nach mór an comhlacht eitice a bhunú ar bhunús dlí soiléir agus gur cheart dó tús a chur lena

chuid oibre a luaithe is féidir; á chur i bhfáth gur cheart cumhachtaí imscrúdaitheacha iomchuí a thabhairt don chomhlacht eitice, lena n-áirítear an cumas gníomhú ar a thionscnamh féin, agus an chumhacht chun doiciméid riaracháin a iarraidh, agus díolúine FPEnna agus a saoirse sainordaithe á n-urramú ag an am céanna agus na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme á gcoimirciú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, cé go bhfuil sí oscailte do rannpháirtíocht leathan, go n-oibreoidh sí leis an gCoimisiún chun a áirithiú nach gcuirfidh institiúidí eile moill ar an gcaibidlíocht;

70. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ar intinn ag an bParlaimint a áirithiú go haontaobhach go mbeidh rochtain thapa, éasca agus chórasach ag na Feisirí ar chomhairle maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann ón gCoiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta don Choiste Comhairleach a athchóiriú; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí an Cód Iompair d'Fheisirí Eorpacha a neartú chun córas níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí a áirithiú d'Fheisirí agus d'iar-FPEnna atá ag obair ar mhaithe le leasanna seachtracha, más rud é nach bhfuil na rialacha agus na hoibleagáidí á gcomhlíonadh ag FPEnna; á mholadh go bhféadfadh ról réamhghníomhach a bheith ag an gCoiste Comhairleach, lena n-áirítear an cumas gníomhú ar a thionscnamh féin; á chreidiúint gur cheart go mbeadh an Coiste Comhairleach in ann déileáil go díreach le gearáin;
71. ag cur béim ar obair ábhartha an Ombudsman i ndáil leis sin agus á chreidiúint go bhféadfadh comhar breise idir an Pharlaimint agus an tOmbudsman a bheith úsáideach amach anseo;
72. á iarraidh go gcuirfeadh na Ballstáit agus institiúidí uile AE leis an gcomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus á chur i bhfios go láidir gur gá a comhar féin leis na comhlachtaí sin a mhéadú; á chur i bhfáth gur cheart raon feidhme OIPE a leathnú chuig an Aontas ina iomláine, rud a d'éascódh a chomhar le hinstitiúidí eile agus a d'áiritheodh ionchúiseamh níos fearr ar chásanna i dtíortha nach bhfuil rannpháirteach in OIPE faoi láthair;
73. á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta do dhearbhu éigeantach a thabhairt isteach á rá nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann do rapóirtéirí agus do scáth-rapóirtéirí;
74. á athdhearbhú go bhfuil an cinneadh polaitiúil maidir le coinbhleachtaí leasa na gCoimisinéirí ainmnithe roimh a n-éisteachtaí fós ina inniúlacht dhaonlathach agus institiúideach de chuid Choiste um Ghnóthaí Dílíthiúla na Parlaiminte;
75. á iarraidh go ndéanfaidh Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta toirmeasc a chur ar aon eintitis a bhfuil caidreamh díreach nó indíreach acu le Rialtas Chónaidhm na Rúise, de bhun Chinneadh ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine agus i bhfianaise stiúradh chogadh neamhdhleathach foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh plé maidir le cur chuige a chuirfear i bhfeidhm maidir le heintitis a bhfuil nasc acu le Daon-Phoblacht na Síne agus le tíortha eile a dhéanann cur isteach eachtrach mailíseach ar ghnóthaí Eorpacha nó ar cosúil go bhfuil sé d'aidhm acu cur isteach eachtrach mailíseach a dhéanamh; á thabhairt dá haire gur chinn Comhdháil na

nUachtarán nach dtabharfar cuireadh chun na Parlaiminte do thaidhleoirí ná d'ionadaithe rialtais ón tSín; á iarraidh go ndéanfaí Clár Trédhearcachta AE a leasú chun foráil a dhéanamh do smachtbhannaí nuair a dhéanann an cláraí ionadaíocht, cibé acu go díreach nó mar idirghabhálaí, ar leasanna rialtas, eintiteas spleách nó cuideachtaí in earnálacha straitéiseacha tíortha a bhfuil taifead tuairiscithe acu ar chur isteach ar phróisis dhaonlathacha in AE;

76. á thabhairt dá haire gur léiríodh nach leor na treoirlínte reatha d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do gheallsealbhóirí eile nach gcumhdaítear leis an gClár Trédhearcachta; á chur i bhfáth gur gá seiceáil chríochnúil a dhéanamh roimh chlárú sa Chlár Trédhearcachta chun na foinsí maoinithe go léir a nochtadh; á thabhairt dá haire nach mór cistiú ó chistí AE a bheith inrianaithe ón bhfaighteoir díreach chuig an tairbhí deiridh nuair a chuirtear ar aghaidh i slabhra é; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le clárú sa Chlár Trédhearcachta chun ceanglas a áireamh maidir le gach ciste isteach agus amach a nochtadh, lena n-áirítear cistí a aistriú ó ENR nó ó gheallsealbhóir amháin go ceann eile;
77. á iarraidh go ndéanfaí na coinníollacha lena rialaítear feidhmiú díolúine pharlaiminteach ag na Feisirí a chomhchuibhiú idir na Ballstáit éagsúla; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar Phrótacal Uimh. 7 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh;
78. á chur in iúl go bhfuil sé beartaithe aici a hidirphlé agus a comhar le húdaráis faisnéise, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí na dtrí Bhallstát ina bhfuil sí lonnaithe a neartú chun slándáil agus sláine na Parlaiminte a áirithiú agus chun í a chosaint ar iarracht ar chur isteach ó thíortha nach tíortha den Aontas iad; á iarraidh, chuige sin, go ndéanfadh seirbhísí slándála na mBallstát fógra córasach a thabhairt d'údaráis inniúla Eorpacha agus do sheirbhísí slándála na mBallstát ina bhfuil an Pharlaimint lonnaithe faoi aon fhaisnéis a fhéadfaidh siad a fháil maidir le cur isteach eachtrach ar phróisis dhaonlathacha san Aontas;
79. á iarraidh go n-oibreodh institiúidí AE i dtreo rialacháin inmheánacha níos déine i measc na mBallstát maidir le húsáid, seirbhísí agus soláthar uirlisí spaireachta agus faireachais agus measúnú a dhéanamh ar na huirlisí spaireachta agus faireachais atá in úsáid faoi láthair; á thabhairt dá haire gur cheart do AE na bearta rialála atá ann cheana a úsáid chun oibreoírí idirnáisiúnta mailíseacha i dtionscail na spaireachta tráchtála agus na dteicneolaíochtaí faireachais a thabhairt chun cuntais go dlíthiúil;
80. á áitiú nach mór dó athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ngníomhaíochtaí insmachtbhannaithe do na Feisirí ar bhonn na tuarascála sin; á iarraidh go gcuirfí rabhaidh agus meabhrúcháin iomchuí i bhfeidhm d'Fheisirí nach gcomhlíonann agus go bhforchuirfí pionóis iomchuí tar éis tréimhse ama réasúnach; á thabhairt dá haire, go háirithe, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar Rial 176 dá Rialacha Nós Imeachta chun go gceadófar pionóis a fhorchur i leith cionta seachas cur isteach ar an seisiún iomlánach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart smachtbhannaí breise a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfaightear Feisire ciontach i gcion coiriúil a dhéanamh d'aon ghnó i gcomhlíonadh a ndualgas;

81. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar Airteagal 42c de na Rialacháin Foirne maidir le saoire ar mhaithe leis an tseirbhís, lena gceadaítear luathscor neamhthrédhearcach roinnt ball foirne de chuid institiúidí AE;

◦

◦ ◦

82. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 14 Feabhra 2023, chinn Parlaimint na hEorpa freagracht nua a thabhairt do choiste ING2 agus é a athainmniú. Tugtar ‘An Coiste Speisialta um an trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus um neartú an ionracais, na trédhearcachta agus na cuntasachta i bParlaimint na hEorpa’ air feasta.

Leis an sainordú leasaithe, cuireann Parlaimint na hEorpa de chúram ar an gCoiste Speisialta na heasnaimh i rialacha Pharlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht, ionracas, cuntasacht agus frith-éilliú a shainaithint, trí bhearta meántéarmacha go fadtéarmaacha eile a mheas agus trí mholtaí le haghaidh athchóirithe a eisiúint, trí thógáil ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus ar dhea-chleachtas parlaimintí agus institiúidí eile agus trí oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha. Ina theannta sin, tugann sé treoir don Choiste Speisialta a thuarascáil chríochnaitheach a thíolacadh lena ghlacadh sa seisiún iomlánach faoi pháirtseisiún iomlánach mhí Iúil 2023 ar a dhéanaí.

Déantar obair leantach sa tuarascáil sin ar an sainordú leasaithe.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

Dáta an ghlactha	1.6.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 25 -: 1 0: 5
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Aurélia Beigneux, Vladimír Bilčík, Anna Bonfrisco, Mercedes Bresso, Włodzimierz Cimoszewicz, Clare Daly, Anna Júlia Donáth, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Bart Groothuis, Balázs Hidvéghi, Sandra Kalniete, Andrey Kovatchev, Janusz Lewandowski, Nathalie Loiseau, Morten Løkkegaard, Benoît Lutgen, Lukas Mandl, Radka Maxová, Maite Pagazaurtundúa, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder, Beata Szydło, Sabine Verheyen, Viola von Cramon-Taubadel, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Ryszard Czarnecki, Heidi Hautala, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Theresa Bielowski, Karolin Braunsberger-Reinhold

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE

25	+
ECR	Ryszard Czarnecki, Rob Rooken, Beata Szydło
PPE	Vladimír Bilčík, Sandra Kalniete, Andrey Kovatchev, Janusz Lewandowski, Benoît Lutgen, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Anna Júlia Donáth, Bart Groothuis, Nathalie Loiseau, Morten Løkkegaard, Maite Pagazaurtundúa
S&D	Theresa Bielowski, Mercedes Bresso, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Radka Maxová, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder
Verts/ALE	Markéta Grégorová, Heidi Hautala, Viola von Cramon-Taubadel

1	-
ID	Aurélia Beigneux

5	0
ID	Anna Bonfrisco
NI	Balázs Hidvéghi
PPE	Karolin Braunsberger-Reinhold, Sabine Verheyen
The Left	Clare Daly

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh